



# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2008

## STAIR – GNÁTHLEIBHÉAL

RÉIMSE STAIDÉIR: AN LUATH-AOIS, 1492 – 1815

Scrúdú scríofa: 400 marc

Tuairisc ar an Staidéar Taighde, a seoladh isteach roimh ré: 100 marc

**DÉ CÉADAOIN, 11 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 2.00 – 4.50**

### *Treoracha d'Iarrthóirí*

Freagair na Ranna 1, 2 agus 3 laistigh.

- **Roinn 1 (100 marc)**

Ceist dhoiciméad-bhunaithe (An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 1)

Freagair gach cuid den roinn seo.

- **Roinn 2 (200 marc)**

Éire: Na topaicí 1, 2, 3, 4, 5, 6.

Freagair na ceisteanna ar dhá thopaic as an roinn seo.

- **Roinn 3 (100 marc)**

An Eoraip agus an domhan mór: Na topaicí 2, 3, 4, 5, 6.

Freagair na ceisteanna ar thopaic amháin as an roinn seo.

## ROINN 1: CEIST DHOICIMÉAD-BHUNAITHE

*An Eoraip: Topaic 1*

### **An Eoraip ón Renaissance go dtí an Reifirméisean, 1492-1567**

Cás-staidéar lena mbaineann na doiciméid:

***An Ghinéiv le linn Cailvín***

Déan staidéar ar na doiciméid (A agus B) thall agus freagair na ceisteanna thall.

1.
  - (a) Faoi mar atá ráite i ndoiciméad A, cad a dúirt Ameaux faoi Chailvín?
  - (b) Faoi mar atá ráite i ndoiciméad A, cén pionós a cuireadh ar Ameaux?
  - (c) Faoi mar atá ráite i ndoiciméad A, cé a d'íoc as costais na trialach?
  - (d) Faoi mar atá ráite i ndoiciméad B, cé a d'inis do na breithiúna faoi chion Ameaux?
  - (e) Faoi mar atá ráite i ndoiciméad B, cé a chuir cruálacht i leith Chailvín agus cén fáth?

(40)
  
2.
  - (a) An aontaíonn na doiciméid A agus B faoi cén fáth ar cuireadh príosún ar Ameaux? Déan tagairt i do fhreagra don dá dhoiciméad.
  - (b) An bhfuil fianaise ar bith i gceachtar doiciméad, A nó B, a léiríonn gur tugadh deis d'Ameaux triail a sheachaint? Déan tagairt don dá dhoiciméad i do fhreagra.

(20)
  
3.
  - (a) Cad iad na tuairimí a bheadh agat faoi charachtar Cailvín mura mbeadh mar fhoinse eolais agat ach doiciméad B amháin?
  - (b) An mbeadh sé cóir do thuairim faoi Chailvín a bhunú ar dhoiciméad B amháin? Tabhair cúis le do fhreagra.

(20)
  
4. Conas a d'athraigh an saol laethúil sa Ghinéiv le linn Chailvín?

(20)

**Polaiteoir áitiúil ba ea Pierre Ameaux a rinne agus a dhíol cártaí imeartha agus díslí sa Ghinéiv. Nuair a fuair Cailvín locht ar an gcearrbhachas, bhí eagla ar Ameaux nach mbeadh sé in ann slí bheatha a bhaint amach a thuilleadh. Dá bhrí sin cháin sé Cailvín. Baineann na doiciméid seo a leanas leis an gcás.**

### **- Doiciméad A -**

**Sleachta arna chur in eagar as Clár Chomhairle na Ginéive, Eanáir agus Aibreán 1546**

Clár na Comhairle, Eanáir 1546

*Tuairiscítear go ndúirt Ameaux gur drochfhear é Cailvín a raibh teagasc bréige á chraobhscaoileadh aige. Ní tharraingeodh Ameaux an ráiteas siar. Tá sé ordaithe é a chur sa phríosún agus é a chur chun a thrialach.*

Clár na Comhairle, Aibreán 1546

*Tá sé ordaithe go ndaorfar Ameaux chun siúl thart feadh an chathair ina léine, é ceann-nochta, coinneal lasta ina lámh agus ansin go n-iarrfaidh sé trócaire ar a ghlúine agus a admháil gur labhair sé go mailiseach. Daortar é chun na costais go léir a íoc agus tá an daorbhreith le fógairt go poiblí.*

Foinse: Potter agus Greengrass, John Calvin: *Documents of Modern History*, Edward Arnold, Londain, 1983.

### **- Doiciméad B -**

**Sliocht arna chur in eagar as litir ó Chailvín chuig cara leis, Farel, Feabhra 1546**

*Cúig lá déag ó shin cuireadh an déantóir cártaí, Ameaux, faoi ghlas toisc, le linn dom bheith ar suipéar ina theach, gur mhaslaigh sé chomh fíochmhar sin mé go gcaithfidh sé go raibh sé as a mheabhair. D'fhan mé i mo thost ach chuir mé in iúl do na breithiúna nach mbeinn mishásta dá gcaithfidís go dian leis faoin dlí.*

*Theastaigh uaim cuairt a thabhairt air ach níor ceadaíodh dom é sin a dhéanamh. Cuireann roinnt fear maith cruálacht i mo leith toisc go bhfuil fonn orm éiric na héagóra a rinneadh orm a bhaint as. D'iarr a chairde orm réiteach a dhéanamh. Ach dhiúltaigh mé é sin a dhéanamh ach amháin ar dhá choinníoll, nach dtitfeadh amhras ar bith ormsa agus nach mbeadh onóir Chríost thíos leis. Táim ag fanacht le breith na Comhairle.*

Foinse: Pamela Johnson agus Bon Scribner, *The Reformation in Germany and Switzerland, Documents and Commentary*, Cambridge University Press, 1993.

## ROINN 2: ÉIRE

Freagair na trí rannóg, A, B agus C, as dhá cheann de na topaicí thíos.

*Éire: Topaic 1*

**Leasú agus Reifirméisean in Éirinn na dTúdarach, 1494-1558**

A (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Baineann an sliocht seo a leanas leis an bpósadh in Éirinn sa chúigiú agus sa séú haois déag. Déan staidéar air agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*Roimh Chomhairle Thrionta (1554-1563), d'fhéadfadh lánúineacha pósadh go dleathach gan searmanas eaglasta. Dá gcomhaontódh lánúin pósadh agus ansin an pósadh a chomhlánú ba phósadh bailí é.*

*Níl a fhios againn cé chomh mór is a bhí an searmanas eaglasta ina nós in Éirinn, ach is dócha nár phós mórán lánúineacha i séipéal. 'Níor phós duine as fiche d'fhir uaisle na Mumhan i séipéal,' a scríobh Popham. Ina ionad sin ba nós é pósadh i searmanais ar nós 'handfasting'.*

*Lean na hÉireannaigh dá ngarghaolta a phósadh agus ba rud coitianta é an colscaradh. Formhór na ndispeansáidí pósta in Éirinn a cláraíodh i gClárleabhair na Pápachta sa chúigiú haois déag, do lánúineacha a raibh leanaí acu agus a bhí ina gcónaí le chéile ar feadh tamaill a tugadh iad. Ní bhíodh ach na baill ba shaibhre agus ba mhó tábhacht sa tsochaí in acmhainn na trioblóide agus an chostais a bhain le dispeansáidí a fháil. I dtreo dheireadh an chúigiú haois déag thug an Róimh níos mó cumhachta d'easpaig áitiúla dispeansáidí a thabhairt.*

1. Conas a d'fhéadfadh pósadh bailí a bheith ag lánúin gan searmanas eaglasta?
2. An bhfuil a fhios againn cé mhéad lánúin Éireannach a phós i searmanais eaglasta an uair sin? Tabhair cúis le do fhreagra.
3. Cén cineál Éireannach a bhíodh ag lorg dispeansáid phósta sa chúigiú haois déag?
4. Cén fáth ar éirigh sé níos fusa dispeansáid phósta a fháil i dtreo dheireadh an chúigiú haois déag?
5. Ainmnigh áit amháin inar féidir fianaise a fháil faoin bpósadh in Éirinn sa chúigiú agus sa séú haois déag?

B (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Scoileanna na mBard.
2. 9ú hIarla Chill Dara.
3. Sir Anthony St Leger.
4. An Fheirmeoireacht in Éirinn, 1494-1558.

C (40 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Céard a bhí i Léig na nGearaltach agus cén ról a bhí ag Eileanóir Nic Gearailt ann?
2. Conas a chuir an polasaí géilleadh agus athbhronnadh isteach ar Chonn Bacach Ó Néill agus ar a theaghlach?
3. Cé chomh maith agus a d'éirigh leis an Ardeaspag George Browne i gcur chun cinn an Reifirméisin in Éirinn?
4. Cén plan a bhí ann do phlandáil Laoise-Uíbh Fhailí agus cé na torthaí a bhí air?

*Éire: Topaic 2*  
**Éirí amach agus concas in Éirinn i réimeas Eilíse, 1558-1603**

A (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Sliocht is ea é seo arna chur in eagar as *Annála Ríochta Éireann* leis na Ceithre Máistrí. Déantar cur síos ann ar chath na Fearsaide Móire (8 Bealtaine 1567). Déan staidéar air agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*Chruinnigh [Seán] Ó Néill arm an-mhór chun máirseáil isteach i dTír Chonaill in aghaidh Uí Dhónaill chun an tír a chreachadh agus a scriosadh. Gan mhoill, thrasnaigh siad an Fhearsaid óir bhí sé ina thrá mhara ag an am. Nuair a chonaic Ó Dónaill é sin, chuir sé a arm beag in ord ina ranganna, agus chuir sé buíon marcach faoi cheannas a mhic chun dul i ngleic leis an namhaid.*

*Nuair a chonaic Ó Néill iad ag teacht go díreach ina threo, d'éirigh sé buartha ina mheanma, agus dúirt sé 'Is ábhar iontais dom nach mothódh na daoine seo go bhfuil sé níos éasca géilleadh dúinn ná teacht ar aghaidh mar seo le go ndéanfaí ár orthu'.*

*D'ardaigh siad an ghéir chatha ... Lean siad orthu ag bualadh, ag martrú, ag marú, agus ag treascairt a chéile go ceann i bhfad ... Thug Cineál Eoghain [Muintir Uí Néill] léim amach san fharraige bhorrtha, cé nár éalú ar bith ón gceantúirt an t-inbhear a bhaint amach mar bádh líon gan áireamh acu sa lán mara. Ba é an líon iomlán d'arm Uí Néill a maraíodh agus a bádh sa chath ná trí chéad déag; deir roinnt leabhar gurbh é a chaill Ó Néill sa chath seo ná breis agus trí mhíle fear.*

1. Cén fáth ar mháirseáil Ó Néill isteach i dTír Chonaill in aghaidh Uí Dhónaill?
2. Cén fáth a raibh sé furasta ag Ó Néill trasnú ag an bhFearsaid Mhór roimh an gcath?
3. Cad a cheap Ó Néill a dhéanfadh Ó Dónaill nuair a d'ionsódh sé é? Tabhair cúis le do fhreagra.
4. Cén sórt saighdiúirí a d'ionsaigh Ó Néill ar dtús agus cé a bhí i gceannas orthu?
5. Cé mhéad duine a fuair bás mar thoradh ar an gcath agus an bhfuilimid cinnte faoina líon?

B (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Gráinne Ní Mháille.
2. An tArdeaspag Adam Loftus agus bunú Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.
3. Baile Átha Cliath in aimsir Eilíse agus costais na cogaíochta.
4. Tadhg Dall Ó hUiginn.

C (40 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cén ról a bhí ag Sir John Perrot in Éirinn?
2. Cén fáth a raibh gníomhréim eaglasta chomh héagsúil sin ag Meiler Magrath?
3. Cén pháirt a bhí ag Séamas Mac Muiris Mac Gearailt san Éirí Amach i nDeasumhain?
4. Cén fáth ar buadh ar Aodh Ó Néill agus ar a chomhghuailithe i gCogadh na Naoi mBliana?

*Éire: Topaic 3*

**An Ríocht agus an Choilíneacht: an streachailt don lámh uachtair in Éirinn, 1603-1660**

A (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Cuntas ar shaol Luke Wadding (1588-1657) is ea é seo a leanas. Déan staidéar air agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*Rugadh Luke Wadding i bPort Láirge i 1588. Rinne sé staidéar sa Phortaingéil agus rinneadh sagart Proinsiasach de. Rinneadh Uachtarán ar Choláiste na nGael, Salamanca, sa Spáinn de i 1617. Chuir Pilib III na Spáinne go dtí an Róimh mar dhiagaire é chun dogma na Giniúna gan Smál a chur chun cinn. D’fhan sé sa Róimh an chuid eile dá shaol.*

*Bhunaigh sé Coláiste San Iosadóir, coláiste na bProinsiasach Éireannach sa Róimh, i 1625. Fuair sé 5000 leabhar don leabharlann agus bailiúchán lámhscríbhinní ceangailte in 800 imleabhar. Le linn na chéad tríocha bliain den choláiste cuireadh oideachas ar 200 mac léinn ann, agus rinneadh ollúna le fealsúnacht agus le diagacht san Eoraip de 70 díobh.*

*Bhain sé úsáid as an tionchar a bhí aige lena chinntiú gur bunaíodh Coláiste Proinsiasach Éireannach i bPrág (1629), in Vielun sa Pholainn (1645), i bPáras (1653) agus in Capranica san Iodáil (1656). Scribhneoir bisiúil a bhí ann agus d’fhoilsigh sé aon leabhar agus tríocha. Scriobh sé stair Ord na bProinsiasach, ocht n-imleabhar di, agus thuill an saothar mór seo cáil idirnáisiúnta dó.*

1. Ainmnigh ceithre tír inar chónaigh Luke Wadding.
2. Ainmnigh ceithre chathair nó tír inar bunaíodh coláistí Éireannacha, a bhuí le Wadding.
3. Cé mhéad leabhar a scríobh Luke Wadding?
4. Cé mhéad mac léinn ar cuireadh oideachas orthu i gColáiste San Iosadóir sa Róimh le linn na chéad tríocha bliain den choláiste?
5. Cén fhianaise atá ann gur éirigh go maith le Coláiste San Iosadóir?

B (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. An tArdeaspag Rinuccini agus easaontais sa Chomhdháil.
2. Piaras Feirtéar.
3. Triail Strafford.
4. Lonnaíocht Chromail.

C (40 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Conas a d’éirigh le Richard Boyle saibhreas agus tábhacht a bhaint amach dó féin in Éirinn?
2. Cad iad na bealaí inar athraigh an saol i gCúige Uladh mar thoradh ar an bplandáil sa chúige sin?
3. Cén fáth ar bunaíodh coláiste Éireannach i Lováin i 1607 agus cad a bhain sé amach?
4. Cad leis a raibh súil ag Eoghan Rua Ó Néill a bhaint amach in Éirinn agus cé chomh maith agus a d’éirigh leis?

*Éire: Topaic 4*  
**Cinsealacht choilíneachta á bunú, 1660-1715**

A (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Is ó Chonradh Luimnigh, 1691, a tógadh an sliocht seo. Déan staidéar air agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*Is i gcomaoin do ghéilleadh chathair Luimnigh ... a chomhaontaítear,*

*Go dteachtfaidh [go gcoinneoidh] Caitlicigh Rómhánacha na ríochta seo na pribhléidí i gcleachtadh a gcreidimh a theacht siad [a bhí acu] le linn réimeas an rí Séarlas II ... chun achrann ar bith i ngeall ar a gcreideamh a sheachaint.*

*Áitritheoirí uile Luimnigh, agus gach oifigeach agus gach saighdiúir atá anois faoi airm, nach príosúnaigh chogaidh iad, má fhilleann agus má ghéilleann siad dá mórgachtaí, coinneoidh, sealbhóidh agus teachtfaidh siad a gcuid eastát go léir, agus na cearta, na teidil agus na pribhléidí a theacht siad, nó a bhí siad i dteideal a theachtadh, go dleathach le linn réimeas an rí Séarlas II ...*

1. Cén fáth ar síníodh Conradh Luimnigh?
2. Cad iad na pribhléidí a bhí le teachtadh (le coinneáil) ag na Caitlicigh Rómhánacha de réir Chonradh Luimnigh?
3. Cé dó nó do cén rud ar iarradh ar oifigigh agus ar shaighdiúirí faoi airm géilleadh?
4. Cérbh iad na hoifigigh agus na saighdiúirí nach raibh cead acu na socruithe seo a bheith acu?
5. Cad iad na pribhléidí agus na cearta a gealladh dóibh siúd a ghéill?

B (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Oilibhéar Pluincéad.
2. Robert Boyle.
3. Diúc Urumhan.
4. Filí Seacaibíteacha.

C (40 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cé a bhí ag freastal ar Pharlaimint Thírghrách 1689 i mBaile Átha Cliath agus cén gnó a rinne siad?
2. Cad iad na deacrachtaí a bhí roimh Dháibhí Ó Bruadair mar fhile agus cé chomh tábhachtach agus a bhí a shaothar?
3. Cén pháirt a bhí ag Samuel Louis Crommelin i bhforbairt thionscal an línéadaigh in Éirinn?
4. Conas a d'athraigh agus a d'fhorbair cathair Bhaile Átha Cliath i ndiaidh na hAthghairme (1660)?

[Thall →

*Éire: Topaic 5*

**An Choilíneacht in aghaidh na ríochta – teannais in Éirinn i lár an ochtú haois déag, 1715-1770**

A (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Sliocht is ea é seo a tógadh as *Life in Ireland* le L. M. Cullen. Déan staidéar air agus freagair na ceistanna ina dhiaidh.

*Tháinig athrú ar dhreach fisiceach na tíre le linn an ochtú haois déag. Tar éis lár an chéid go mór mór tharla an-chuid imfhálaithe, agus roinneadh na réimsí móra talún a bhí fágtha ina bpáirceanna néata. Fiú amháin na réimsí móra caorach bhí siad imfhálaithe roinnt cheana féin .... Bhí an méadú ar an daonra ó lár an chéid ar cheann de na cúiseanna a bhí le dreach athraitheach na tíre, rud a bhí ina chúis le húsáid níos déine talún.*

*Chiallaiigh daonra níos mó gur tógadh tuilleadh tithe, rud a chuir leis na hathruithe faoin dtuath in Éirinn. Ba mhinic a chuir tiarnaí talún spéis chiallmhar ina gcuid eastát. Chuir cuid mhaith díobh deireadh leis an aibhéardaí, agus rinne gníomhairí gairmiúla eastát bainistiú maith ar eastáit na dtiarnaí neamhchónaitheacha ...*

*Is fianaise bhreise iad na sráidbhailte eiseamláireacha, a raibh teach maisiúil margaidh i gcuid acu, ar spiorad feabhsúcháin na haoise, agus cuid mhaith de na sráidbhailte agus na bailte beaga lasmuigh de na ceantair thrádála, ba iad na tiarnaí talún a chruthaigh iad nó ba mhó a spreag a bhforbairt.*

1. Déan cur síos gearr ar athrú amháin ar dhreach na tuaithe in Éirinn i ndiaidh 1750.
2. Cén fáth ar baineadh úsáid níos déine as an talamh in Éirinn i ndiaidh 1750?
3. Cén fáth ar tógadh níos mó tithe i ndiaidh 1750?
4. Cé a d'fhostaigh gníomhairí gairmiúla eastáit chun a gcuid eastát a bhainistiú?
5. Cé a chuir tógáil a lán sráidbhailte eiseamláireacha chun cinn agus a phleanáil bailte, agus cén fáth?

B (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Charles O'Connor.
2. Toirealach Ó Cearbhalláin.
3. An gorta in Éirinn san ochtú haois déag.
4. Triail an Athar Uí Shíthigh.

C (40 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cén ról a bhí ag an Déan Swift agus a chuid litreacha Drapier sa chonspóid maidir le leathphingíní Wood?
2. Conas a d'éirigh le muintir Ponsonby a bheith ina bpríomhpholaiteoirí agus conas a d'úsáid siad a gcumhacht?
3. Cérbh iad na Buachaillí Bána, cad iad na haidhmeanna a bhí acu, agus cad a bhain siad amach?
4. Cén ról a bhí ag an Príomháidh George Stone i bpolaitíocht na hÉireann?



*Éire: Topaic 6*  
**Deireadh na ríochta Éireannaí agus bunú an Aontais, 1770-1815**

A (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Sliocht arna chur in eagar is ea é seo as na rúin a rith na hÓglaigh ag Comhdháil Dhún Geanainn, 1782. Déan staidéar air agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*Beartaithe d'aon ghuth: éileamh ar bith ó ghrúpa fear ar bith seachas an Rí, na Tiarnaí, agus Coiteann na hÉireann ar dhlíthe a dhéanamh d'Éirinn, tá sé míbhunreachtúil, mídhleathach agus ina ábhar casaoide.*

*Beartaithe d'aon ghuth: tá calafoirt na tíre ar oscailt de cheart do gach tír iasachta nach bhfuil i gcogadh leis an Rí, agus tá gach srian, ach amháin ag Parlaimint na hÉireann, míbhunreachtúil, mídhleathach agus ina ábhar casaoide.*

*Beartaithe (agus dhá ghuth ag easaontú): creidimid an ceart ar bhreithiúnas príobháideach i ngnóthaí creidimh a bheith doshéanta.*

*Beartaithe (agus dhá ghuth ag easaontú): mar fhir, agus mar Éireannaigh, mar Chríostaithe, agus mar Phrotastúnaigh, tá áthas orainn faoi mhaolú na bPéindlíthe in aghaidh ár gcomhghéillsineach Caitliceach Rómhánach ...*

Sliocht arna chur in eagar as James Carthy, 'Ireland, a documentary record', 1949.

1. Cé aige a raibh an ceart dlíthe a dhéanamh d'Éirinn de réir na nÓglach i nDún Geanainn?
2. Cé aige a raibh an ceart srian a chur le saorthrádáil trí chalafoirt na hÉireann?
3. Ar aontaigh na hÓglaigh go léir gur chóir an creideamh a bheith ina ghnó don bhreithiúnas príobháideach? Tabhair cúis le do fhreagra.
4. Cén dearcadh a bhí ag móramh na nÓglach i nDún Geanainn i leith na bPéindlíthe?
5. An raibh gach duine ar aon fhocal maidir le maolú na bPéindlíthe? Tabhair cúis le do fhreagra.

B (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Henry Grattan agus Parlaimint Grattan.
2. Eibhlín Dhubh Ní Chonaill.
3. Coláiste Mhaigh Nuad.
4. An Ailtireacht Sheoirseach.

C (40 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cad a rinne Nano Nagle chun an t-oideachas a chur chun cinn in Éirinn?
2. Cén ról a bhí ag Tiarna an Chaisleáin Riabhaigh maidir le rith Acht an Aontais?
3. Cad ba chúis leis an éirí amach i Loch Garman i 1798 agus cén toradh a bhí air?
4. Conas a d'athraigh agus a d'fhorbair Béal Feirste idir 1770 agus 1815?

**ROINN 3: AN EORAIP AGUS AN DOMHAN MÓR**  
**Freagair na trí rannóg, A, B agus C, as ceann amháin de na topaicí thíos**

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 2*

**Creideamh agus cumhacht: polaitíocht i ndeireadh an séú haois déag, 1567-1609**

A (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Cuntas é seo a thug amhas Eilvéiseach a bhí páirteach i ndúnmharú Coligny Lá Fhéile Bairtliméid, 24 Lúnasa 1572, le linn Chogaí Creidimh na Fraince. Déan staidéar air agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*Thart ar 2 a.m. ghlaoigh an Rí ar ghardaí an pháláis a bheith ag fanacht le horduithe breise ... Threoraigh an Diúc d'Anjou na hEilvéisigh go léir agus na boghdóirí go dtí teach an aimiréil thart ar a 5 nó a 6 a.m. Bhí an Diúc de Guise tar éis eagar a chur ar a chuid fear mar a bheadh le haghaidh catha.*

*Thug na Francaigh ruathar faoi na geataí a raibh ochtar gardaí á gcosaint, a chuir troid orthu agus a dhún na geataí arís. D'ionsaigh na hEilvéisigh na geataí agus bhuail siad isteach lena halbaird iad. Ghlaoigh an Diúc de Guise orthu siúd a bhí ag cosaint an tí a gcuid arm a chaitheamh uathu.*

*Gabhadh seilbh ar theach an Aimiréil ... d'iarr an tAimiréal go ligfí leis ina sheanaois, ach cuireadh píce tríd. D'fhiafraigh Guise an raibh an tAimiréal marbh agus d'ordaigh go gcaithfí amach sa tsráid é.*

1. Cathain a dúnmharaíodh an tAimiréal Coligny?
2. Ainmnigh beirt cheannairí sa Fhrainc a raibh baint acu lena dhúnmharú.
3. Cé acu saighdiúirí a réab an geata ar oscailt mar atá ráite sa chuntas seo?
4. Conas a maraíodh an tAimiréal Coligny mar atá ráite sa chuntas seo?
5. Cé a d'ordaigh go gcaithfí corpán Coligny amach sa tsráid?

B (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Liam Tostach agus an cheannaire san Ísiltír.
2. Tycho Brahe agus an réalteolaíocht.
3. Meath Antuairp.
4. An tAnglacánachas Eilíseach.

C (40 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cén fáth ar chuir Pilib II Armáid na Spáinne in aghaidh Shasana agus cén toradh a bhí air sin?
2. Cén ról a bhí ag Matteo Ricci sa mhísean Íosánach chun na Síne agus ar éirigh leis?
3. Cé chomh tábhachtach agus a bhí saothar Michel de Montaigne sa Fhrainc sa séú haois déag?
4. Cé chomh maith agus a d'éirigh le Comhdháil Thrionta?

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 3*  
**Éiclips na Sean-Eorpa, 1609-1660**

A (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Tógadh an sliocht seo as an bhfianaise a thug Sabbatina, bean tuaithe a bhí ina baintreach, os comhair breithimh in Bologna i dtús an 17ú haois. Déan staidéar air agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*Dé Domhnaigh tar éis an aifrinn, chuaigh mé ar ais go teach mo mháthar agus d'ith roinnt aráin. Ansin chuaigh mé go teach Giancoma Orsona áit ar fhan mé an lá go léir agus chuidigh mé léi féar a bhaint dá cuid ainmhithe, agus ansin d'fhan mé ansin chun codladh a dhéanamh.*

*Dé Luain bhí mé in éineacht léi agus chuidigh mé léi na héadaí a ní agus d'fhan mé an oíche go léir agus bhí an Bhantiarna Aingeal in éineacht linn.*

*Maidin Dé Máirt chuidigh mé léi arán a dhéanamh agus ansin i rith an lae chuidigh mé léi leis an bhfómhar agus, ó tharla go raibh mo mháthair tagtha ann, chodail mé ansin le mo mháthair sa leaba chéanna.*

*Maidin Dé Céadaoin d'éirigh mé go luath agus chuaigh go teach Vincenzo Spisani agus chuidigh mé leis an bhfómhar agus sa tráthnóna chuaigh mé abhaile le codladh le mo mháthair.*

*Déardaoin, ar ais liom chun an fómhar a bhaint in éineacht le Vincenzo agus d'fhan mé an lá go léir agus Dé hAoine chomh maith. An dá lá sin chodail mé ina theach lena bhean Giulia agus a iníon Angelica sa leaba chéanna.*

*Dé Sathairn d'fhan mé freisin chun cuidiú leis an bhfómhar agus tháinig mé abhaile agus chodail mé le mo mháthair.*

*Inné, Dé Domhnaigh, chuaigh mé ar aifreann agus ansin go teach Vincenzo Spisani. D'ith mé dinnéar ina dteannta agus ansin thosaíomar ag ceangal an ghráin. Ansin tugadh anseo mé os do chomhair, a Thiarna.*

1. Cé mhéad oíche a chodail Sabbatina sa bhaile le linn na seachtaine sin?
2. Cé mhéad lá sa tseachtain a d'oibrigh Sabbatina?
3. Ainmnigh trí chineál éagsúla oibre a rinne Sabbatina le linn na seachtaine sin.
4. Cén duine ar chónaigh Sabbatina in éineacht léi sa bhaile?
5. Cén rud faoi chuntas Sabbatina a chuireann iontas ort maidir le conas a chaith sí an Domhnach?

B (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Ceannairc na gCatalónach.
2. Claudio Monteverdi agus an ceol barócach.
3. René Descartes agus an eolaíocht thurgnamhach.
4. 'Géarleanúint na gCailleach Feasa'.

C (40 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cén pháirt a bhí ag Albrecht von Wallenstein sa Chogadh Tríocha Bliain?
2. Cé chomh fairsing agus a bhí impireacht na hOllainne san Áise agus cén tionchar a bhí aici ar an Ísiltír?
3. Cé chomh mór mar eolaí agus a bhí Galileo agus cén fáth a raibh spéis ag an gCúistiúnacht (Ionchoisne) ina chuid oibre?
4. Conas a d'oibrigh an Cairdinéal Richelieu chun an Fhrainc a athrú ina stát láidir láraithe?

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 4*  
**An Eoraip le linn ré Louis XIV, 1660-1715**

A (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Tógadh an sliocht seo as cuntas a scríobh Easpag Salisbury faoi Pheadar Mór na Rúise a ndearna sé roinnt comhráite leis i Sasana. Déan staidéar air agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*Is fear an-teasaí é, ar furasta oibriú air agus bíonn sé an-bhrúidiúil nuair a bhíonn sé feargach. Níl sé gan chumas agus tá níos mó eolais aige ná mar a mbeifeá ag súil leis ón oideachas atá air. Níl breithiúnas maith aige agus tá sé cuileadach guagach. Tá claonadh chun na meicniúlachta ann agus an chuma air é a bheith sa dúchas aige a bheith ina shiúinéir loinge seachas ina phrionsa mór. Ba é sin an príomhábhar staidéir agus an príomhchaitheamh aimsire a bhí aige le linn dó bheith anseo. Rinne sé a lán lena lámha féin agus chuir sé ar gach duine ina thimpeall a bheith ag obair ar na mionsamhlacha de longa. Bhí beartaithe aige go deimhin an léann a spreagadh agus feabhas a chur ar a phobal trí chuid díobh a chur ag taisteal i dtíortha eile. Tar éis é a fheiceáil bhí orm meas a bheith agam ar dheonú Dé a bhí tar éis fear chomh fíochmhar sin a ardú suas ina údarás lánchumhachtach ar chuid chomh mór sin den domhan.*

1. Cén locht a fuair Easpag Salisbury ar Pheadar Mór?
2. Céard a bhí sa dúchas ag Peadar Mór a dhéanamh, dar leis an easpag?
3. Cad é an príomhábhar staidéir a bhí ag Peadar Mór le linn dó a bheith i Sasana?
4. Conas a theastaigh ó Pheadar Mór feabhas a chur ar a phobal?
5. Cén t-údarás atá ag Peadar Mór de réir an easpaig?

B (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Seán Sobieski agus laige na Polainne.
2. Na Streltsy.
3. Gottfried Wilhelm Leibnitz.
4. Madame de Maintenon.

C (40 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Conas a neartaigh Louis XIV cumhacht an Rí agus conas a chuir sé le cáil na Fraince?
2. Conas a d'éirigh Comhlacht na nIndiacha Thoir saibhir agus conas a leathnaigh sé, 1660-1715?
3. Cén fáth a meastar Isaac Newton a bheith ina eolaí tábhachtach?
4. Céard í Cúirt Versailles agus cén fáth ar bhain tábhacht léi?

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 5*  
**Impireachtaí á mBunú, 1715-1775**

A (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Tagraítear sa sliocht seo do chruinniú i Sasana i 1728 ina ndearnadh socrúithe chun sclábhaithe a sheoladh chuig an gníomhaire nua rialtais do Bharbadós, Sir Robert Davers. Déan staidéar air agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*Comhaontaíodh go ndéanfaí seasca aosach Gormach ó 14 go 30 bliain d’aois a sholáthar dó. Fir a bhí le bheith ina leath agus mná an leath eile, chomh maith le 30 buachaill agus cailín, nó a oiread uile agus a theastaigh óna ghníomhaire a bheith aige, ó 10 go 14 bliana d’aois. Tá sé sin le déanamh idir Nollaig agus Iúil. Gormaigh atá le bheith iontu as Cósta na Rinne, nó as Cósta na Sclábhaithe san Afraic. Tá siad le seachadadh chuig gníomhaire Sir Robert Davers i mBarbadós as na gcéad trí long de chuid an chomhlachta a thioctadh. Tá gach Gormach indíolta le bheith faofa ag a ghníomhaire. Táthar le h íoc as na Gormaigh in airgead steirling: £23 as gach fear, £22 as gach bean, £21 as gach buachaill agus cailín.*

Hugh Thomas, “The Slave Trade: the history of the Atlantic slave trade 1440-1870”, 1997.

1. Cé bhí chun na sclábhaithe a cheannach agus cén post a bhí aige?
2. Cén t-am den bhliain a raibh na sclábhaithe le seoladh?
3. Cad as a raibh na sclábhaithe le teacht?
4. Cén áit a raibh na sclábhaithe le cur chuige?
5. Cén praghas a bhí ar na sclábhaithe baineanna agus fireanna a bhí dhá bhliain déag d’aois?

B (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Feardorcha Mór na Prúise.
2. Smaointe polaitíochta Baron de Montesquieu.
3. Diúc Bridgewater agus tógáil na gcanálacha.
4. An Boston Tea Party.

C (40 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cén fáth ar bunaíodh plandálacha sclábhaithe sna hIndiacha Thiar agus conas a reáchtáladh iad?
2. Cad a bhí san Encyclopédie agus cén fáth ar bhain tábhacht leis?
3. Conas a chuir Voltaire leis an Eagnaíocht?
4. Cén fáth ar measadh Maria Theresa na hOstaire a bheith ina rialtóir cumasach?

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 6*  
**Impireachtaí faoi réabhlóid, 1775-1815**

A (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Is sliocht é seo arna chur in eagar as an gConcordáid a comhaontaíodh idir Napoleon agus an Eaglais Chaitliceach in 1801. Déan staidéar air agus freagair na ceistanna ina dhiaidh.

- *Beidh an creideamh Caitliceach aspalda agus Rómhánach á chleachtadh gan bhac sa Fhrainc. Is go poiblí a bheidh an cleachtas crábhaidh. Beidh sé i gcomhréir leis na rialacháin a measann an rialtas a bheith riachtanach don tsíocháin phoiblí.*
- *Is é Céad-Chonsal na Poblachta a cheapfaidh easpaig agus ardeaspaig laistigh de na trí mhí tar éis litir a Naofachta chuig na deoisí maidir leis na socrúithe nua.*
- *Sula rachaidh siad i mbun a bpoist, tabharfaidh na heaspaig mionn dílseachta, ar na Scriptorúir Naofa, díreach ar lámha an Chéad Chonsail. Is é seo an mionn a bhí in úsáid roimh an athrú sa rialtas:*

*“Mionnaím agus geallaim do Dhia, ar na Scriptorúir Naofa, fanacht in umhlaíocht agus i ndílseacht don rialtas atá bunaithe ag bunreacht Phoblacht na Fraince....”*

1. Cén creideamh is féidir a chleachtadh gan bhac sa Fhrainc de réir na Concordáide?
2. Cé a cheapfaidh na heaspaig agus na hardeaspaig de réir na Concordáide?
3. Cé a chuirfidh na deoisí Francacha ar an eolas maidir leis na socrúithe nua?
4. An dtabharfaidh na heaspaig agus na hardeaspaig mionn nua dílseachta?  
Tabhair cúis le do fhreagra.
5. Cén duine nó cén rud a dtabharfaidh na heaspaig mionn dílseachta dó?

B (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Mary Wollenstonecraft.
2. Fás Mhanchain.
3. Fás an daonra, 1775-1815.
4. An Eoraip le linn ré Napoléon.

C (40 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cén fáth a gcuirtear síos ar James Madison mar dhuine d’Aithreacha Bunaitheoirí na Stát Aontaithe?
2. Cén fáth ar bunaíodh an Coiste Slándála Poiblí agus cad a rinne sé?
3. Cén fáth a raibh a oiread sin daoine ag cur i gcoinne Bhunreacht Sibhialta na Cléire?
4. Cén fáth ar bhain cáil agus tionchar chomh mór sin le Ludwig van Beethoven?

# **Leathanach Bán**

# **Leathanach Bán**